
# Am – Moltaí don fhoghlaim sa bhaile

## Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach foghlaim faoi am?

Is scil saoil riachtanach é Am a thacóidh le do pháistí a ngníomhaíochtaí saoil laethúla a thuiscint agus a bhainistiú agus a chumasóidh iad dul i ngleic go neamhspleách leis an tsochaí. Ós rud é gur coincheap teibí é an t-am tá sé riachtanach go n-úsáidfeadh tuismitheoirí tagairtí neamhfhoirmiúla don am ar bhonn laethúil. Is slí éifeachtach í seo foghlaim faoi am agus gnóthachtáil gach páiste a mhéadú. Nuair a dhéanann tuismitheoirí cur síos ar am imeachta, éiríonn páistí feasach ar amanna éagsúla ina saolta laethúla. m.sh., Rachaimid ag snámh ar 3i.n. inniu. Mairfidh sé ar feadh 30 nóiméad.




### SMAOINTE CHUN TACÚ LEIS AN BHFOGHLAIM


- Labhair le do pháiste faoi ghnáthaimh laethúla
- Fiafraigh de do pháiste cén lá/mí/séasúr atá ann
- Labhair faoi amanna ar an gclog. Fiafraigh "Cén t-am é ?", ar bhonn rialta.
- Léirigh amanna gníomhaíochtaí sa bhaile m.sh. traenáil pheile ar 6.30i.n. Dé hAoine
- Bain úsáid as féilire sa bhaile agus déan taifead ar bhreithlaethanta/coinní/imeachtaí air
- Pléigh cá fhad go dtí a mbreithlá/go dtí ócáid speisialta
- Iarr ar do pháiste codanna de scéal a athinsint/a chur in ord
- Gníomhaíochtaí ama m. sh. 30 nóiméad ag imirt cluichí
- Tarraing aird ar na hamanna a cheadaítear le haghaidh cócaireachta nó bácála m.sh. tógfaidh an t-arán 30 nóiméad le bácáil
- Spreag do pháiste chun amanna a chuardach don phictiúrlann. Cén t-am a thosaíonn an scannán? Cén t-am a bheidh sé thart?
- Bain úsáid straitéis ina gcomhairtear ar aghaidh chun amanna a ríomh: beidh an t-arán a bhácáilte i 30 nóiméad. Tá sé 5.45i.n. anois agus mar sin beidh sé réidh ag 6.15i.n.
- Úsáid amchláir bus/thraenach: Cén t-am a thiocfaidh an chéad bhus eile? An bhfuil patrún idir amanna bus?
- Bíodh do pháiste páirteach agus turais nó laethanta saoire á bpleanáil agat.
- Tabhair do pháiste isteach i ngníomhaíochtaí spraíúla ina gcuireann tú am ar thascanna m. sh. cá mhéad léim in 1 nóiméad? Cá mhéad bloc is féidir leat cur i gceann a chéile in 60 soicind?




### LEABHAIR

- *The Very Hungry Caterpillar* le Eric Carle (5–8 mbliana d'aois)
- *The Bad-Tempered Ladybird* le Eric Carle (5–8 mbliana d'aois)
- *Pigs on a Blanket* le Amy Axelrod (5–8 mbliana d'aois)
- *What time is it Mr. Crocodile?* le Judy Sierra (5–8 mbliana d'aois)
- *Once there were Giants* le martin Waddell (Aoisghrúpa 7+)
- *My Great Grandpa* le Martin Waddell (Aoisghrúpa 7+)
- *Game time* le Stuart J. Murphy (Aoisghrúpa 7+)
- *A Second is a Hiccup* le Hazel Hutchins (Aoisghrúpa 7+)
- *Clocks and More Clocks* le Pat Hutchins (8–11 bhliain d'aois)
- *It's About Time* le Pascale Estellon (8–11 bhliain d'aois)
- *Just a Second: A Different Way to Look at Time* le Steve Jenkins (8–11 bhliain d'aois)

** Cuireann do leabharlann áitiúil raon leathan acmhainní ar fáil a thacaíonn le scileanna litearthachta agus uimhearthachta páistí a fhorbairt*



### CLUICHÍ / GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- Cártaí cúitimh d'am: Roghnaigh ceann ó chrúsca, m.sh. am súgartha 20 nóiméad
- gníomhaíochtaí uainithe m. sh. 10 nóiméad léitheoireachta
- Borróga a bhácáil. 20 nóiméad san oigheann
- Searáidí (Gach aoisghrúpa)
- Articulate (Aoisghrúpa +7)
- Pictionary (Aoisghrúpa +7)
- Cluiche boird 'The Cube' (8+)
- Déan féilire teaghlaigh míosúil agus taispeáin



## SUÍOMHANNA GRÉASÁIN


- https://nzmaths.co.nz/time-units-work
- https://www.scoilnet.ie/go-to-primary/theme-pages/mathematics/its-about-time


**Téarmaí úsáideacha le cuardach ar líne: bunscoil, foghlaim, am, uair an chloig, nóiméad, fadhbanna*



## EALAÍONA AGUS CEARDAÍOCHT

- Dear agus déan féilire teaghlaigh míosúil
- Déan uaineadóir gaineamh de dhéantús baile
- Déan clog analógach ó ábhair bhaile
- Déan cártaí biongó ama
- Déan clog bláth







## DO CHUID SMAOINTE FÉIN

